


Polasaí Obair Bhaile agus Modh Measúnaithe



Réasúnacht

Creidimid i gColáiste Íde gur gné tábhachtach d’oideachas an dalta an obair bhaile. Is cuid lárnach é d’obair scoile. Múineann sé scileanna don dalta a ullmhaíonn í don saol – neamhspleáchas, chomh-oibriú, freagracht agus oibriú as a stuaim féin

Aidhm an Pholasaí

- Chun a chinntiú go mbeidh córas ar bun sa scoil chun obair bhaile a thabhairt don dalta ar bhonn rialta
- Chun a mhúineadh don dalta conas oibriú as a stuaim féin laistigh de teorainn ama áirithe
- Chun seans a thabhairt don múinteoir aiseolas a lorg ar thuiscint an dalta
- Chun scileanna foghlamtha a mhúineadh don dalta
- Chun nósanna maithe staidéir a chothú
- Chun a chinntiú go mbeidh cothromaíocht maidir le méid na hoibre
- Chun cabhrú le daltaí marcanna maithe a ghnóthú ina gcuid scrúdaithe
- Chun a chinntiú go mbeidh cothromaíocht idir tascanna léitheoireachta, tascanna foghlama agus tascanna scríbhneoireachta againn

Polasaí

- Beidh cuspóir leis an obair bhaile, beidh sé ag teacht le hobair an ranga
- Tabharfar obair bhaile don dalta i ngach rang
- Déanfar maoirseacht ar an méid obair bhaile féachaint an bhfuil an córas ag feidhmiú go cóir de réir ranga
- Beidh teorainn réasúnta le méid na hoibre gach oíche
- Beidh cothromaíocht idir obair scríofa, obair ó bhéal, obair thaighde, obair thionscnaimh agus obair phraiticiúil
- Ceartófar an obair bhaile go leanúnach agus tabharfar aiseolas
- Tógfar ‘san aireamh dalta le deacrachtaí foghlamtha
- Múinfear scileanna staidéir dos na daltaí
- Muna ndeineann an dalta obair bhaile cuirfear é ‘san cárta tuairisce. Má leanann an nós seo leanfar an Cód Iompair

Modh Measúnaithe

- Plé ar na ranganna éagsúla sna cruinnithe foirne agus cuntas a choimeád faoi i lámhleabhair an mhúinteora/ dialann obair bhaile
- Scrúduithe Ranga: Tabharfar scrúdú ranga uair sa mhí/ mí go leith/ go rialta agus coimeádfar cuntas ar mharcanna sa dialann obair bhaile agus dialann an mhúinteora
- Scrúduithe na Nollag/ Scrúduithe an tSamhraidh: Déanfaidh bliain 1,2 agus 5 scrúduithe tí agus cuirfear tuairisc scríofa abhaile
- Téarma na Nollag: Cuirfear tuairisc scríofa abhaile do bhliain 3 agus a 6 le meán mharc na scrúduithe idir Meán Fómhair agus Mí na Nollag
- Réamhscrúduithe: Cuirfear tuairisc scríofa abhaile do bhliain 3 agus 6
- Bliain 1: Déanfar scrúduithe caighdeánach sa chéad téarma (Mata, Litriú. Léitheoireacht & NRIT)
- Bliain 2: Déanfar scrúduithe caighdeánach sa Ghaeilge leo
- Bliain 3: Déanfar scrúduithe DATS leo
- Déanfar anailís bhliantúil ar na scrúduithe stáit ins gach ábhair de réir treoracha an PDST
- Béal triallacha (Gaeilge/ Fraincis) agus obair phraiticiúla

Ról na nDaltaí

- An obair bhaile a dhéanamh go rialta agus de réir treoracha an mhúinteora
- An obair bhaile a dhéanamh go sásúil le caighdeán sásúil
- **Foclóir a úsáid í gcónaí**
- An obair bhaile a bheith néata agus **dáta a bheith uirthi**
- Cuntas **as Gaeilge** a choimeád sa dialann obair bhaile
- Spriocanna agus torthaí scrúduithe a líonadh isteach sa dialann obair bhaile go leanúnach
- Bheith freagrach as eolas a fháil (roimh am staidéir) ar cén obair bhaile atá le déanamh sa chás go mbíonn siad as láthair as rang
- Sa chas go bhfuil dalta as láthair ón staidéar, tá dualgas orthu an obair bhaile a dhéanamh san am saor
- Trealamh cuí a bheith agat sa staidéar/ sa rang
- A chur in iúl don mhúinteoir ábhair, roimh ranga, sa chás nach bhfuil an obair bhaile déanta

Ról na Múinteoirí Ábhair

- Ní mór don mhúinteoir ábhair an polasaí a chur i bhfeidhm
- Cuntas a choimeád ar dhul chun cinn na scoláirí i ndialann an mhúinteora
- Scileanna a mhúineadh don dalta a chuirfeadh ar a cumas an obair bhaile a dhéanamh go sásúil
- A chinntiú go bhfuil spriocanna ábhair á leagadh síos ag na scoláirí ag tús gach téarma agus a chinntiú go bhfuil torthaí na scrúduithe á líonadh isteach sa dialann obair bhaile tar éis gach scrúdú ranga

Ról na Múinteoirí Ranga

- Súil a chóiméad ar an dialann obair bhaile
- Cuntas a chur sa dialann obair bhaile dhá uair sa bhliain agus an dul chun cinn a phlé leo tar éis cruinnithe na múinteoirí
- Cuntas a chóiméad i leabhar an mhúinteoir ranga

Ról na Múinteoirí Oideachas Speisialta

- Tacaíocht a chur ar fáil go háirithe do dhaltaí go bhfuil deacrachtaí foghlamtha acu
- Dul i gcomhairle le múinteoirí ábhair faoi dhaltaí le riachtanais speisialta acu

Ról na dtuismitheoirí

- Is féidir le tuismitheoirí cabhair a thabhairt dá bpáistí trí tacaíocht a thabhairt do pholasaí na scoile
- Is féidir le tuismitheoirí na daltaí a spreagadh

Ról an Phríomhoide/Leas Phríomhoide

- Chun measúnú a dhéanamh ar an bpolasaí ar bhonn leanúnach
- Príomhoide: Teagmháil a dhéanamh le tuismitheoirí na scoláirí tar éis na cruinnithe ranga nuair is gá idirbheartaíocht a dhéanamh

Ról an Bhoird Bainistíochta

- Ní mór don mBord a chinntiú go bhfuil Polasaí Obair Bhaile ag feidhmiú sa scoil
- Tá dualgas ar an mBord an polasaí a dhearbhu

Polasaí Choláiste Íde maidir le hobair bhaile a cheartú

Seo leanas atá beartaithe againn a dhéanamh:

- Obair bhaile a cheartú ar bhonn rialta
- Obair bhaile a cheartú ar bhonn ranga, ar bhonn grúpaí agus ar bhonn aonair
- Treoir a thabhairt do dhalta nuair atá gá leis

Athbhreithniú

- Déanfar athbhreithniú ar éifeacht an pholasaí go rialta
- Rachfar i gcomhairle le múinteoirí ábhair, múinteoirí ranga, daltaí agus tuismitheoirí chun aiseolas a lorg
- Déanfaidh gach roinn ábhair athbhreithniú ar an marcanna scrúduithe ar bhonn leanúnach

Athbhreithniú déanta ag

Múinteoirí	6 Feabhra 2015
Comhairle na Macléinn	26 Feabhra 2015
Coiste Tacaíochta na Macléinn	27 Feabhra 2015
Tuismitheoirí	27 Feabhra 2015

Déanadh an polasaí seo dhearbhu ag cruinniú leis an mBord Bainistíochta ar an 16 Aibreán 2015